V2

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An Ardteistiméireacht 2018

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Ceimic

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## Réamhrá

**Agus an scéim mharcála á meas, is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh.**

**1.** In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil an t-eolas agus na smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.

**2.** Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.

**3.** Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar agus d'fhéadfadh sin, mar sin, athrú ó bhliain go bliain maidir le cás ar bith.

**4.** Is léiriú an cló trom ar na pointí atá riachtanach i bhfreagra an iarrthóra. Cuirtear soladas dúbailte (//) idir pointí a dtugtar marcanna ar leith dóibh i gcuid den cheist. Is focail, leaganacha nó ráitis atá ina malairtí ar a chéile iad sin a bhfuil soladas, /, eatarthu agus tá an glacadh céanna leo araon maidir le pointe ar leith. Is malairt focal nó nath faoi chló trom arna lua idir lúibíní a bhfuil an glacadh céanna leis agus atá leis an bhfocal nó an nath a théann roimhe. Tabhair ar aird, ar a shon sin, nach mór focail, leaganacha cainte nó frásaí a úsáid i gceart agus i gcomhthéacs, agus ní féidir iad a bhréagnú, agus sa chás go bhfuil úsáid mhícheart á baint as téarmaíocht nó go bhfuiltear á bréagnú, níl cead na marcanna a bhronnadh. D'fhéadfaí cealú a dhéanamh nuair a thugann iarrthóir liosta de fhreagraí cearta agus míchearta.

**5.** Tá an glacadh céanna, go ginearálta, le hainm nó le foirmle maidir le dúil nó le comhdhúil ach amháin sa chás go n-iarrtar go sonrach an t-ainm nó an fhoirmle sa cheist a chuirtear. Ina ainneoin sin, i roinnt cásanna inarb é an t-ainm a iarrtar, is féidir glacadh leis an bhfoirmle mar mhalairt air sin.

**6.** Caillfear marc amháin i leith gach botúin uimhríochta i ríomh an iarrthóra. Baineann an laghdú sin le luachanna míchearta $M_r$ sa chás go dtaispeánann an t-iarrthóir suimiú na maiseanna adamhacha cearta go léir agus gur léir gur earráid suimithe í an earráid. Mura dtaispeántar suimiú na maiseanna adamhacha, caillfidh an t-iarrthóir 3 mharc as $M_r$ mícheart.

**7.** Tabharfar marcanna bónais ag ráta 10% de na marcanna a ghnóthaítear d'iarrthóir a fhreagraíonn na ceisteanna go léir trí Ghaeilge agus a ghnóthaíonn níos lú ná 75% de na marcanna iomlána. Agus an bónas sin á ríomh stántar síos, ní suas, deachúlacha i gcónaí, m.sh. athraíonn 4.5 go 4; athraíonn 4.9 go 4, etc. Baineann an tábla bónais a thugtar ar an gcéad leathanach eile le hiarrthóirí a fhreagraíonn na ceisteanna go léir trí Ghaeilge agus a ghnóthaíonn níos mó ná 75% de na marcanna iomlána.

**Ní mór d'iarrthóirí ocht gceist san iomlán a fhreagairt.**

**Ní mór dhá cheist ar a laghad a fhreagairt as Roinn A.**

**Tá na ceisteanna uile ar aon mharc (50).**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**400@10%**

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 400 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 400 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 300 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 301 - 303 | 29 |
| 304 - 306 | 28 |
| 307 - 310 | 27 |
| 311 - 313 | 26 |
| 314 - 316 | 25 |
| 317 - 320 | 24 |
| 321 - 323 | 23 |
| 324 - 326 | 22 |
| 327 - 330 | 21 |
| 331 - 333 | 20 |
| 334 - 336 | 19 |
| 337 - 340 | 18 |
| 341 - 343 | 17 |
| 344 - 346 | 16 |
| 347 - 350 | 15 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 351 - 353 | 14 |
| 354 - 356 | 13 |
| 357 - 360 | 12 |
| 361 - 363 | 11 |
| 364 - 366 | 10 |
| 367 - 370 | 9 |
| 371 - 373 | 8 |
| 374 - 376 | 7 |
| 377 - 380 | 6 |
| 381 - 383 | 5 |
| 384 - 386 | 4 |
| 387 - 390 | 3 |
| 391 - 393 | 2 |
| 394 - 396 | 1 |
| 397 - 400 | 0 |

## CEIST 1

(*a*) SAINAITHIN: **$CaSO_4$ (sulfáit** chailciam**, $SO_4^{2-}$) / $CaCl_2$ (clóiríd** chailciam**, $Cl^-$)** (3)
[Tá cealú i bhfeidhm.]

(*b*) DÉAN CUR SÍOS MODH OIBRE:

bain úsáid as **pípéad** 25 $cm^3$ faoi dhó **//**

a **rinseáladh** roimhe seo **le huisce dí-ianaithe (driogtha, íon) /** pípéad **glan //**
**a rinseáladh leis** an **uisce {sampla}** crua **/** pípéad **tirim //**

**léigh (breathnaigh ar)** an meinisceas (marc) **ag leibhéal na súl / meinisceas (marc) ag leibhéal na súl / léigh bun an mheiniscis / bun an mheiniscis ar an marc //**

**ná séid** amach **(bog, croith** amach**) an braon deireanach** ón bpípéad **/**
**fág am don draenáil //**
**fan go mbeidh** an pípéad **folamh** ina iomláine **/ cuir an barr in aghaidh taobh istigh de (bhalla an) fhleascáin** chónúil

TRÍ CINN AR BITH: (6 + 3 + 3)

*nó*

úsáid **buiréad** chun 50 $cm^3$ a thomhas **//**

a **rinseáladh** roimhe seo **le huisce dí-ianaithe (driogtha, íon) /** buiréad **glan //**
**a rinseáladh leis** an **uisce {sampla}** crua **/** buiréad **tirim //**

**léigh (breathnaigh ar)** an meinisceas (marc) **ag leibhéal na súl / meinisceas (marc) ag leibhéal na súl / léigh bun an mheiniscis / bun an mheiniscis ar an marc //**

**coinnigh** an buiréad **ceartingearach //**
**bain an tonnadóir (cinntigh go líontar an chuid** den bhuiréad **faoin sconna)**
sula ndéantar é a choigeartú go dtí nialas

TRÍ CINN AR BITH: (6 + 3 + 3)

(*c*) AINMNIGH: (*i*) **Salachróm** Dubh **/ Eireachróm** T Dubh (3)
[Ní leor T Dubh.]

CAD: (*ii*) **fíon** / **dearg** (3)
(*iii*) **gorm** (3)
[Ceadaigh (3) do dhathanna aisiompaithe.]

(*d*) (*i*) SAINAITHIN: **maolán pH 10 / maolán** le pH **> 10 / maolán amóinia**ch **/ maolán 10** (3)

(*ii*) CÉN FÁTH: **chun críochphointe beacht a chinntiú / pH a choinneáil ag (timpeall) 10 (ag luach seasta) /**
**lena chinntiú go n-oibríonn an táscaire** i gceart **/**
**chun críochphointe (athrú datha** an táscaire**) géar a chinntiú) /**
**lena chinntiú go n-imoibríonn (coimpléasc) na hiain chailciam (mhaignéisiam, $M^{2+}$)** ar fad le edta /
**is gá go mbeadh an táscaire ag** timpeall **pH 10 le go n-oibreoidh sé** i gceart (3)

[Ceadaigh 6 do (*i*) '*maolán*' **agus** (*ii*) '*chun an pH a choinneáil ag 10*'.]

(*e*) RÍOMH: (*i*) 0.**000093** (**9.3 × 10⁻⁵**) mól (3)

$$M = \frac{9.3 \times 0.010}{1000} = 0.000093\ (9.3 \times 10^{-5})\ \text{mól} \quad (3)$$

(*ii*) 0.**000093 {9.3 × 10⁻⁵**) mól (3)

$M^{2+}$: edta = 1 : 1 ⇒ 0.**000093** (**9.3 × 10⁻⁵**) mól (3)

(*iii*) 0.**186** g/l **(**0.**19** g/l**)** (6)

0.000093 × 20 = 0.**00186** (**1.86 × 10⁻³**) mól/l (M) (3)

0.00186 × 100* = 0.**186** g/l **(**0.**19** g/l**)** (3)

**/**

0.000093 × 100* = 0.**0093** (**9.3 × 10⁻³**) g/50 $cm^3$ (3)

0.0093 × 20 = 0.**186** g/l **(**0.**19** g/l**)** (3)

**/**

$$\frac{50.0 \times M}{1} = \frac{9.3 \times 0.010}{1}$$

*M* = 0.**00186** (**1.86 × 10⁻³**) mol/l (M) (3)

0.00186 × 100* = 0.**186** g/l **(**0.**19** g/l**)** (3)

[* Ní mór suimiú a léiriú go nglacfaí leis gur sciorradh is cúis le hearráid.]

(*iv*) **186** c.s.m. (**190** c.s.m.) (3)

0.186 × 1000 = **186** c.s.m. **(190** c.s.m.) (3)

[Bain 1 mharc as slánú mícheart a bheidh ina chúis le freagra deiridh an iarrthóra a bheith lasmuigh den luach tugtha ach ná bain ach uair amháin in (*e*).]

(*f*) MOL: **fiuch** uisce (3)

tugann **scála (screamh, deascán, sil-leagan)** mar thoradh ar fhiuchadh cruas sealadach le fios **/** déan **toirtmheascadh (turgnamh)** arís **/ toirtmheascadh** arís **/**
tugann **toradh toirtmheasctha (turgnamh) níos ísle** le huisce scagtha, fiuchta cruas sealadach le fios /
má theastaíonn **níos lú gallúnaí chun sobal a dhéanamh** le huisce scagtha, fiuchta tugtar cruas sealadach le fios **(2)**
[Ceadaigh ráitis choibhéiseacha mhalartacha maidir le cruas buan.]
[Tá an dhá chuid den fhreagra nasctha.]

**CEIST 2**

(*a*) (*i*) AINMNIGH: **comhdhlúthadán** (6)

(*ii*) CAD: chun **téamh (fuinneamh** a chur ar fáil**)** don mheascán imoibriúcháin **/**
**chun an tuaslagóir (meascán) a choiméad ag fiuchadh (te, téite) /**
**chun an t-imoibriú (meascán) a choinneáil ag teocht sheasta** os cionn theocht an tseomra **/**
**cabhrú** leis an imoibriú **dul chuig (i dtreo) críochnú (cothromaíochta) / chun táirgeacht a uasmhéadú / chun an t-imoibriú a bhrostú / chun an t-am don imoibriú a laghdú /**
**chun cabhrú leis an** imoibriú **fuinneamh gníomhachtúcháin a bhaint amach (a shárú) //**

**gan tuaslagóir (gal, eatánól, ábhar so-ghalaithe*) a chailleadh / gan tuaslagóir (gal, eatánól, ábhar so-ghalaithe*) a fhiuchadh amach (as)** (2 x 3)
[Ceadaigh 'galú' nó 'fiuchadh go mbeidh sé tirim' in ionad 'fiuchadh amach (as)'.]
[*Ceadaigh '*imoibreáin*'.]

(*iii*) SAINAITHIN: *imoibreáin:* **saill {blonag, trístéaráit (trípailmiotáit) ghlicríle, stéirin, ola phlandúil (olóige, lus na gréine)} //**
**hiodrocsaíd sóidiam (NaOH, hiodrocsaíd photaisiam, KOH) //**
*tuaslagóir:* **eatánól ($C_2H_5OH$, alcól)** (3 × **2**)
[Ord ar bith, ní gá go mbeadh substaintí lipéadaithe mar imoibreáin nó tuaslagóir.]
[Ceadaigh foirmlí struchtúracha cearta d'imoibreáin agus tuaslagóir.]
[Tá cealú i bhfeidhm seachas i gcás uisce.]

(*b*) (*i*) CAD: **braoiníní ola (braonacha beaga ola) san uisce (i leacht eile ina mbíonn ola dothuaslagtha) /**
**braoiníní ola (braonacha beaga ola) agus uisce (leacht eile ina mbíonn ola dothuaslagtha)** measctha **/**
braoiníní **ola ar fuaidreamh (scaipthe) in uisce (leacht eile ina mbíonn ola dothuaslagtha) /**
**spré** mín **leachta amháin i leacht eile ina bhfuil sé dothuaslagtha /**
**dhá leacht dhomheasctha measctha le chéile gan teorainn /**
**collóideach** dhá **leacht** dhomheasctha (3)

(*ii*) AINMNIGH: **cioglaiheacsán / déchlóirmeatán (clóiríd meitiléine) / éitear** dé-eitile **(eatocsa-eatán) / eatánóáit eitile (aicéatáit eitile) / éitear peitriliam, etc.** (3)

[Ceadaigh tuaslagóir so-ghalaithe *ar bith* (f.p. < 80 °C) atá domheasctha le huisce; níl meatánól, eatánól, própán-2-ón (própánón, aicéatón), etc, oiriúnach.]

(*iii*) LUAIGH: oibrigh i **múchlann / úsáid masc** anála **/ seachain lasair (tuaslagóir a lasadh, tine) / scaoil le** carnadh **brú / stopallán (sconna)** a **oscailt** go rialta **/ iompaigh bunoscionn agus an sconna á oscailt / coinnigh an stopallán** go daingean **ina áit agus an buinne á chroitheadh (á mheascadh) / ná cuir i dtreo aon duine é** agus an brú á scaoileadh (an sconna á oscailt) (3)

(*iv*) CONAS: **galaigh an tuaslagóir / fiuch an tuaslagóir {tuaslagóir ainmnithe ag (*ii*)} / téigh chun an tuaslagóir a bhaint / driog** (3)

(*v*) CÉN: **3.15 – 3.2** % (6)

| |
|---|
| dlús = $\frac{\text{mais}}{\text{toirt}}$ = 1.05 = $\frac{\text{mais}}{0.15}$ |
| $m$ = 1.05 × 0.15 = 0.**1575** g [0.**1575** – 0.**16** g] (3) |
| $\frac{0.1575}{\mathbf{5.0}}$ × 100 ⇒ **3.15**% [**3.15 – 3.2**%] (3) |

[Bain 1 mharc as slánú mícheart a bheidh ina chúis le freagra an iarrthóra a bheith lasmuigh de na raonta tugtha ach ná bain ach uair amháin in (*v*).]

(*c*) (*i*) CÉN FÁTH: **níl aon neamhghlainí (solaid, cáithníní) dothuaslagtha ann /**
**baineann an scagachán te neamhghlainí (solaid, cáithníní) dothuaslagtha /**
**neamhíon (solad, cáithnín)** amháin ann **intuaslagtha /**
**clóiríd sóidiam (NaCl) intuaslagtha //**

(*ii*) LUAIGH: **níos tapúla / cuidíonn sé chun na criostail a thriomú**

AON FHREAGRA CEART AR (*i*) agus AON FHREAGRA CEART AR (*ii*): (6 + 3)

(*iii*) MÍNIGH: tomhais (déan comparáid idir) **leáphointe/í** an dá shampla (3)

sampla níos íne (athchriostalaithe) leáphointe **níos airde (níos gaire don luach ceart) /**
sampla **neamhíon (tosaigh)** leáphointe **níos ísle /**
sampla níos íne (athchriostalaithe) leáphointe **níos géire /**
sampla **neamhíon (tosaigh)** leáphointe **níos leithne (gan a bheith chomh géar)** **(2)**
[Tá an dá chuid nasctha.]

*nó*

**miocranailís mheá-mhéadrach CHO / teicníocht speictreascópach ainmnithe** (3)

anailís CHO ar íon (athchriostalaithe) **níos gaire don toradh ceart /**
anailís CHO **neamhíon (tosaigh) níos faide ón toradh ceart /**
taispeánann speictream de shampla níos íne (athchriostalaithe)
**níos lú neamhghlainí (ní thaispeánann sé neamhghlainí ar bith) /**
**taispeánann speictream de shampla neamhíon (tosaigh)**
**níos mó neamhghlainí** **(2)**
[Tá an dá chuid nasctha.]

**CEIST 3**

(*a*) CÉ ACU: **eisiteirmeach** (3)

COSAIN: **ardaíonn an teocht / cuirtear teas amach** **(2)**

[Níl marcanna COSAIN ar fáil ach amháin má bhronntar marcanna as '*eisiteirmeach*'.]

(*b*) (*i*) CÉN FÁTH: **teas a scaipeadh go cothrom / chun go seachnófar teocht spota (áite) the (fhuair) a thógáil / chun toradh níos beaichte a fháil / chun imoibriú iomlán (tapa) a chinntiú** (3)

[Ceadaigh (3) as '*tuaslagán aonfhoirmeach (aonchineálach)*'.]

(*ii*) MOL: **caillteanas teasa** leis an áit mórthimpeall **/ ní inslitheoir maith é cairtchlár / tá an tuaslagán níos teo ná an seomra (áit mórthimpeall)** (3)

(*iii*) CÉN: **6** K (3)

(*c*) (*i*) CÉN FÁTH: **ardú teochta mór (níos mó)** taifeadta **/**
ag tabhairt **toradh níos beaichte /** mar thoradh **$\Delta H$ níos beaichte /**
**céatadán earráide níos lú / ardú teochta níos éasca le tomhas** go beacht (6)

[Ceadaigh (3) as '*mar gheall go bhfuil* ***imoibriú níos tapúla***'.] [Ní ghlactar le teas in ionad teocht.]

(*ii*) TARRAING nó DÉAN CUR SÍOS:



/

**leacht dhoirteadh** as triaileadá(i)n **//**
**ar lámh (frithne, miotal)** (2 × 3)

[Ná bronn marcanna as aon phicteagram eile ar bith ach níl cealú i bhfeidhm.]

(*d*) RÍOMH: (*i*) 0.**15** mól (3)

> $M = \frac{150 \times 1.0}{1000}$ = 0.**15** mól (3)

(*ii*) **8.3328** kJ [**8.3 go 8.333** kJ] / = **8332.8 giúl** [**8300 go 8333 J**] (9)

> *m* = 0.**31** kg (3)
> *H* = ***mc*$\Delta$*T* (*mc*$\Delta\theta$) /** *H* = 0.**31 × 4.2 × 6.4** (3)
> = **8.3328** kJ [**8.3 go 8.333** kJ] (3)

**/**

> *c* = 0.**0042** kJ $g^{-1}$ $K^{-1}$ (3)
> *H* = ***mc*$\Delta$*T* (*mc*$\Delta\theta$) /** *H* = **310 ×** 0.**0042 × 6.4** (3)
> = **8.3328** kJ [**8.3 go 8.333** kJ] (3)

**/**

> *c* = **4.2** J $g^{-1}$ $K^{-1}$ agus *m* = **310** g (3)
> *H* = ***mc*$\Delta$*T* (*mc*$\Delta\theta$) /** *H* = **310 × 4.2 × 6.4** (3)
> = **8,332.8 giúl (J)** [**8,300 go 8,333 J**] (3)
> Tá aonaid riachtanach sa fhreagra le haghaidh marcanna iomlána anseo.

> [Ceadaigh (6) as 8,300 go 8,333 gan obair agus gan giúil (J) lipéadaithe.]

(*iii*) [**–55.6 go –55.55** kJ $mol^{-1}$] nó [**–55,600 go –55,550** J $mol^{-1}$] (6)

> 8.3328 ÷ 0.15 = **55.55 go 55.6** kJ $mol^{-1}$ (3)
> $\Delta H$ **= –55.6** kJ $mol^{-1}$ [**–55.6 go –55.55** kJ $mol^{-1}$] (3)

**/**

> 8,332.8 ÷ 0.15 = **55,550 go 55,600** J $mol^{-1}$ (3)
> $\Delta H$ **= –55.6** kJ $mol^{-1}$ [**–55,600 go –55,550** J $mol^{-1}$] (3)

[Bain 1 mharc as slánú mícheart a bheidh ina chúis le freagra deiridh an iarrthóra a bheith lasmuigh den raon tugtha ach ná bain ach uair amháin in (*d*).]

[Déan neamhaird de chomharthaí diúltacha a úsáidtear san obair in (*ii*) ach caithfidh an freagra deiridh in (*iii*) a bheith diúltach.]

(*e*) LUAIGH: (3)

MÍNIGH: (3)

| LUAIGH (3) | MÍNIGH (3) |
|---|---|
| **úsáid** níos mó **inslitheoir / cuir olann chadáis timpeall air** | **tugann sé ardú (athrú) teochta níos beaichte / stopann (laghdaíonn) sé caillteanas teasa** leis an timpeallacht **/ toradh níos beaichte don teas a tháirgtear** sa chupán |
| **úsáid cupán polaistiréin (plaisteach)** | **tugann sé ardú (athrú) teochta níos beaichte / stopann (laghdaíonn) sé caillteanas teasa** leis an timpeallacht **/ toradh níos beaichte don teas a tháirgtear** sa chupán **/ insliú níos fearr** ná cairtchlár |
| **aigéad agus bonn** 3 K **faoi theocht an tseomra ag an tús** | **cealaíonn gnóthachan teasa ón timpeallacht agus teas caillte** leis an timpeallacht **/ tugtar ardú (athrú) teochta níos beaichte /** **toradh níos beaichte don teas a tháirgtear** sa chupán |
| **úsáid toirt**eanna **níos mó** aigéid agus boinn | **earráid níos lú sa mhais iomlán / tugtar ardú (athrú) teochta níos beaichte / ardú (athrú) teochta níos mó / toradh níos beaichte don teas a tháirgtear** sa chupán |
| **úsáid** aigéad agus bonn le **tiúchan níos mó** | **ardú (athrú) teochta níos mó / toradh níos beaichte don teocht (teas a tháirgtear)** sa chupán |
| **úsáid saintoilleadh teasa an tuaslagáin** sa ríomh | **toradh níos beaichte don teas a tháirgtear** sa chupán |
| **tóg** sain**toilleadh teasa an ghabhdáin san áireamh** | **toradh níos beaichte don teas a tháirgtear** sa chupán |
| **athdhéan roinnt uaireanta agus faigh an meán** | **toradh níos beaichte** go staitistiúil **/ toradh níos beaichte don teas a tháirgtear** sa chupán **/ tugtar ardú (athrú) teochta níos beaichte** |
| **tomhas toirteanna le pípéad (buiréad)*** ag glacadh leis go bhfuil an léamh a thugtar ceart go dtí 1 $cm^3$ | **laghdaigh earráid sna toirteanna** chuig 0.1 $cm^3$ |
| **úsáid teirmiméadar** le toilleadh teasa íseal / tóg** sain**toilleadh teasa** an ábhair **sa teirmiméadar in áireamh** | **tugtar ardú (athrú) teochta níos beaichte /** **tugtar an teocht is airde níos beaichte /** **toradh níos beaichte don teas a tháirgtear** sa chupán |
| **úsáid teirmiméadar níos íogaire (beaichte)** | **toradh níos beaichte don ardú teochta (teas a tháirgtear)** sa chupán **/ toradh níos beaichte don teas a tháirgtear** sa chupán |
| breac **graf de thitim i dteocht tar éis meascadh in aghaidh ama agus eachtarshuigh chun teocht a fháil tráth an mheasctha** | **tugtar ardú teochta (an teocht is airde) níos beaichte /** **toradh níos beaichte don teas a tháirgtear** sa chupán |

[Tá MOL agus LUAIGH nasctha.]
[*Ná ceadaigh '***cuir leis*** *ag úsáid pípéid (buiréid)*'.]
[**Ná ceadaigh '*úsáid teirmiméadar digiteach*' mar réamhchúram.]
[Ná ceadaigh '*úsáid an chainníocht chéanna (líon céanna mól, an toirt chéanna) aigéid agus boinn*'.]

## CEIST 4

**Tá ocht mír le freagairt. Tugtar sé mharc as gach mír agus cuirtear marc amháin breise le gach ceann den chéad dá mhír a bhfaightear na marcanna is airde ina leith.**

(*a*) CÉN: **tomhais (aimsigh, faigh)** méadaíocht an **luchta ar leictreon /**
**tomhais (aimsigh, faigh)** méadaíocht an **luchta ar *e* /**
**tomhais (aimsigh, faigh)** méadaíocht an **bhunluchta (lucht bhunúsaigh) leictrigh** (6)
[Ná ceadaigh '*tomhais (aimsigh, faigh) mais leictreoin nó e/m*'.]
[Ná ceadaigh '*ríomh*' in ionad '*tomhais (aimsigh, faigh)*'.]

(*b*) LUAIGH: **laghdú //**
TABHAIR: **lucht núicléach** éifeachtach **ag méadú / an líon prótón ag méadú / uimhir adamhach ag méadú** (2 × 3)
[Níl siad nasctha.]

(*c*) SCRÍOBH: $\mathbf{1s^2\,2s^2\,2p^6\,3s^2\,3p^6 / 1s^2\,2s^2\,2p_x^2 2p_y^2 2p_z^2\,3s^2\,3p_x^2 3p_y^2 3p_z^2}$ **/ [Ar] //**
$\mathbf{4s^2\,3d^6 / 3d^6 4s^2}$ (2 × 3)

[Ceadaigh foscripteanna in ionad forscripteanna.][Ceadaigh Ar in ionad [Ar].]
[Glactar le saigheada mar léiriú ar líon na leictreon ach ní mór siombailí na bhfoleibhéal a thabhairt.]

(*d*) TABHAIR: **ní poncmhaiseanna iad móilíní (cáithníní) / ní pointí iad móilíní (cáithníní) /**
**tá toirt** neamhdhiomaibhseach **ag móilíní (cáithníní) /**
**glacann móilíní (cáithníní) spás //**
**meallann (éarann) móilíní (cáithníní) a chéile / fórsaí (naisc, idirghníomhartha) idirmhóilíneacha (van der Waals) / fórsaí idir móilíní (cáithníní)** seachas i rith imbhuailtí (2 × 3)
[Ná ceadaigh '*móilíní níos gaire dá cheile*'.][Ceadaigh '*adaimh*' in ionad '*móilíní*'.]

(*e*) SAINAITHIN: $\mathbf{HNO_3}$ **//**
$\mathbf{NO_3^-}$ (2 × 3)
[Glac le hord na ceiste mura sainaithnítear na freagraí go soiléir mar aigéad nó bonn comhchuingeach.]
[Ceadaigh (3) as $\mathbf{HPO_4^{2-}}$ agus $\mathbf{PO_4^{3-}}$.]

(*f*) ÚSÁID: NaOCl: **clóirín** staid ocsaídithe +**1 athraithe (go)** staid ocsaídithe **–1** (3)

⇒ Cl **dí-ocsaídithe** (3)
[Níl an dara (3) ar fáil murar bronnadh an chéad (3).]

*nó*

(3) mharc as uimhreacha ocsaídiúcháin clóirín agus (3) as speicis dí-ocsaídithe ar fáil ó:

$$\mathbf{NaOCl + H_2O_2 \rightarrow NaCl + H_2O + O_2}$$

**1** (NaOCl) → **–1** (NaCl): **dí-ocsaídithe**

[Níl an dara (3) ar fáil murar bronnadh an chéad (3).]

(*g*) SCRÍOBH: **$Cl_2$ + 2NaBr → $Br_2$ + 2NaCl / $Cl_2$ + $2Br^-$ → $Br_2$ + $2Cl^-$ /**
**½$Cl_2$ + NaBr → ½$Br_2$ + NaCl / ½$Cl_2$ + $Br^-$ → ½$Br_2$ + $Cl^-$**

FOIRMLÍ: (3) COTHROMÚ: (3)

*nó*

**$Cl_2$ + $2e^-$ → $2Cl^-$ / ½$Cl_2$ + $e^-$ → $Cl^-$ //**
**$2Br^-$ → $Br_2$ + $2e^-$ / $2Br^-$ − $2e^-$ → $Br_2$ / $Br^-$ − $e^-$ → ½$Br_2$ / $Br^-$ → ½$Br_2$ + $e^-$**

(2 × 3)

[Luchtanna riachtanach lena n-áirítear ar leictreo(i)n.]

(*h*) LUAIGH: **ardaíonn an ráta imoibrithe / luasghéaraítear an t-imoibriú / foirmítear an táirge níos tapúla //**
MÍNIGH: **feidhmíonn** luaidhe theitreitile **mar chatalaíoch (spreagthóir** radacach**) /**
**tosaíonn sí** an t-**imoibriú /**
**cuireann** luaidhe theitreitile **saorfhréamhacha** eitile **($C_2H_5^\bullet$) ar fáil /**
**briseann** luaidhe theitreitile **suas ina saorfhréamhacha** eitile **($C_2H_5^\bullet$)**

(2 × 3)

[Níl siad nasctha.]
[Glac le LUAIGH '*beagán clóireatáin foirmithe*' nó '*beagán bútáin foirmithe*'.]

(*i*) FAIGH: **$C_2H_4O$** (6)

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| $\frac{54.5}{12}$ /= **4.54** | $\frac{9.1}{1}$ /= **9.1** | $\frac{36.4}{16}$ /= **2.275** | | (3) |
| $\frac{4.54}{2.275} = 2$ | $\frac{9.1}{2.275} = 4$ | $\frac{2.275}{2.275} = 1$ | ⇒ | |
| **$C_2H_4O$** | | | | (3) |

(*j*) MÍNIGH: **cainníocht (méid, líon c.s.m.) ocsaigin ($O_2$)** thuaslagtha **ídithe //**
trí ghníomh bitheolaíochta (bithcheimiceach) i soláthar uisce **thar 5 lá sa dorchadas**
**ag 20 °C** (2 × 3)
[Ceadaítear 19 – 21 °C.]

(*k*) **A** CÉ ACU: **galuisce //**
TABHAIR: **is flúirsí atá sé / tiúchan is airde** (2 × 3)
[Tá CÉ ACU agus TABHAIR nasctha.]

*nó*

**B** TABHAIR: (*i*) **iaidín ($I_2$) / dé-ocsaíd charbóin (oighear tirim, $CO_2$) / oighear ($H_2O$ soladach) / glúcós ($C_6H_{12}O_6$ ) / siúcrós ($C_{12}H_{22}O_{11}$) / fullairéin buckminster (millíní Bucky, $C_{60}$) / etc //**

(*ii*) **diamant / graifít / graiféin / sileacan / silice / grianchloch / etc**

(2 × 3)

## CEIST 5

(*a*) SAINMHÍNIGH: (*i*) **suim (líon** curtha le chéile**) na bprótón agus na neodrón** i núicléas adaimh **/**
**líon na núicléón** i núicléas adaimh (3)
[Ceadaigh '*méid*' i gcomhair '*suim*' nó '*líon*'.]

(*ii*) **meánmhais adaimh** de dhúil **/**
**meánmhais iseatóip** de dhúil **ag tabhairt flúirsí san áireamh**
**(de réir mar a tharlaíonn siad go nádúrtha) /**
**meán-mhaisuimhreacha iseatóip** de dhúil **ag tabhairt flúirsí san áireamh**
**(de réir mar a tharlaíonn siad go nádúrtha) //**
**i gcomparáid le (bunaithe ar)** 1/12ú **carbón–12** iseatóp
(3 + **2**)

(*b*) CAD: **ianú //**
**luasghéarú //**
**scoitheadh / sraonadh i réimse maighnéadach** (3 × 3)
[Níl ord na bhfreagraí tábhachtach.]
[Ná bronn aon mharc as '*galúchán*' agus '*brath*' ach ná cealaigh má liostaítear ceachtar acu nó an dá cheann; tá cealú i bhfeidhm ar aon 4ú próiseas eile a thugtar sa bhreis ar na trí fhreagra cearta.]

(*c*) RÍOMH: **24.32** (6)

| | |
|---|---|
| (79 × 24) + (10 × 25) + (11 × 26) = **2432** | (3) |
| 2432 ÷ 100 = **24.32** | (3) |

[Ní fiú aon mharc 24.31 gan obair; ba cheart 24.31 lena dtaispeántar obair a mharcáil ina dhiaidh sin]

(*d*) (*i*) SAINMHÍNIGH: **meathlú (díscaoileadh, briseadh, scoilteadh) uathspreagtha núicléis** adaimh **(núicléas** adamh**) //**
**le hastú cineálacha radaíochta (amháin nó níos mó) difriúla** /
**le hastú alfa-(α)** cháithníní, **béite (β)** cháithníní) **agus (nó) gáma (γ)** ghathanna (2 x 3)
[Ná glactar le '*astú dhá chineál de radaíocht*'.]

(*ii*) CAD: **athraíonn neodrón ina phrótón /**
agus **leictreon** a **astaítear** ón núicléas (6)

*nó*

$^{1}_{0}n \rightarrow {}^{1}_{1}p$ **/**
\+ **astaítear $e^{-}$** ón núicléas / **astaítear** $^{\ 0}_{-1}e$ ón núicléas (6)
[Ceadaítear *'Méadaítear an uimhir adamhach (líon na bprótón) faoi haon'* le haghaidh (6).]
[Ní ghlactar le '*astaítear béite-chaithnín'*.]
[Glac le *'astaítear posatrón nuair a athraíonn prótón ina neodrón*' le haghaidh (6).]

(*iii*) SCRÍOBH: $^{14}_{6}\mathbf{C} \rightarrow {}^{14}_{7}\mathbf{N} + {}^{\ 0}_{-1}\boldsymbol{e}$ / $^{14}_{6}\mathbf{C} \rightarrow {}^{14}_{7}\mathbf{N} + \boldsymbol{e}^{-}$ / $^{\ 6}_{14}\mathbf{C} \rightarrow {}^{\ 7}_{14}\mathbf{N} + {}^{-1}_{\ 0}\boldsymbol{e}$ / $^{\ 6}_{14}\mathbf{C} \rightarrow {}^{\ 7}_{14}\mathbf{N} + \boldsymbol{e}^{-}$ (6)
[Glac le '+ $\beta^{-}$' i gcomhair '+ $e^{-}$'.]

(*iv*) MÍNIGH: **is é 5730 an leathré / líon** adamh carbón–14 **a ndearnadh leath de i 5730 bliain / dhá oiread an líon reatha** adamh carbón–14 **5730 bliain ó shin / dúbailt an líon** adamh carbón–14 **nuair a bhí sé beo / lobhadh leath na** n-adamh carbón–14 (3)

